

Suíomh athfhorbartha logainm.ie seolta

Déardaoin, 12 Bealtaine 2022: Sheol Jack Chambers T.D., Príomh-Aoire an Rialtais agus Aire Stáit Gaeltachta agus Spóirt suíomh nua logainm.ie inniu.

Tá Bunachar Logainmneacha na hÉireann (logainm.ie) á fhorbairt ag grúpa taighde Gaois in Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha (Rialtas na hÉireann). Tá roinnt feabhsuithe suntasacha agus ábhar breise san áireamh sa leagan nua seo de shuíomh poiblí logainm.ie. Tá athdhearadh déanta ar an suíomh chun uirlis níos cumhachtaí a chur ar fáil do thaighdeoirí agus don phobal. Is iad seo a leanas na príomhathruithe a rinneadh:

- Tá feabhas curtha ar an **struchtúr sonraí** chun ábhair éagsúla a láimhseáil ar bhealach níos fearr, mar shampla, ordlathais fhorluiteacha, geografaíochtaí, áiteanna stairiúla, ainmneacha ceilte, ainmneacha cumaisc, teanga an logainm agus cineálacha eilimintí logainmneacha.
- Tá feabhas curtha ar **struchtúr an tsuímh** (agus é simplithe freisin) agus tá ceithre phríomhchluaisín ann anois, i.e. CUARDAIGH, BRABHSÁIL, GLUAIS agus ACMHAINNÍ, le tús áite ag ‘cuardach’.
- Tá na **torthaí cuardaigh** i bhfad níos soláimhsithe agus níos cuimsithí anois. Tá leagan amach níos fearr ar na braislí logainmneacha, agus cuirtear na torthaí gaolmhara ar fáil mar chuid den phríomhliosta torthaí, i ndiaidh na dtorthaí beachta.
- Tá **léarscáileanna idirghníomhacha** a bhfuil neart roghanna bonnmhapa ag gabháil leo [aer-ghrianghrafadóireacht san áireamh] in úsáid ar fud an tsuímh, i.e. sna torthaí cuardaigh, in iontrálacha gluaise agus i mbrabhsáil gheografaíoch agus ordlathach.

Mar aon leis an suíomh poiblí, tá athscríobh iomlán déanta ar an gcóras bainistíochta logainmníochta a stiúran Logainm agus cuirtear an leagan nua seo ar fáil i bhformáid foinse oscailte níos déanaí i mbliana, chomh maith le cód foinseach an tsuímh phoiblí.

Ag labhairt dó ag seoladh an lae inniu, dúirt **Jack Chambers T.D.**, Príomh-Aoire an Rialtais agus Aire Stáit Gaeltachta agus Spóirt, “Cúis mhór áthais dom go bhfuil tionscadal Logainm ag fás is ag forbairt le tacaíocht mo Roinne. Nasc luachmhar iad na logainmneacha idir dhaoine agus an áit a gcónaíonn siad, agus cuidíonn obair Gaois agus an Bhrainse Logainmneacha de chuid mo Roinne linn aitheantas a thabhairt do na hainmneacha sin agus dá stair, rud a cruthaíonn nasc leis an Ghaeilge. Cuidíonn Logainm le go leor againn aithne a chur ar ár n-oidhreacht áitiúil.”

Dúirt **an tOll. Anne Sinnott**, Uachtarán Ionaid DCU, “Tá sé an-tábhachtach go deo go léirítear meas ar ár gcuid logainmneacha, go ndéantar taifeadadh orthu agus, go deimhin, go mbaintear úsáid níos minicí astu. Tá tionscadal Logainm ag cur go suntasach leis an obair seo i gcónaí, ag cinntiú go bhfuil sé níos éasca do thaighdeoirí agus don phobal in Éirinn agus ar fud an domhain teacht ar eolas faoi oidhreacht shaibhir logainmneacha na hÉireann.”

Dúirt **an Dr Brian Ó Raghallaigh**, Príomhthaighdeoir an tionscadail, “Tá mé an-bhródúil as an obair atá déanta ag an bhfoireann anseo in DCU chun beocht nua a chur sa leagan nua iontach seo de bhogearraí Logainm, a chuireann an teicneolaíocht is déanaí ar fáil do léann logainmneacha na hÉireann.”

CRÍOCH

Tuilleadh eolais: logainm@dcu.ie | (01) 700 6577

Nóta d'eagarthóirí

Is suíomh gréasáin é logainm.ie a chuireann an t-ainm oifigiúil Gaeilge atá ar 100,000 éigin logainmneacha ar fud na tíre ar fáil don phobal. Is córas cuimsitheach bainistíochta é freisin don Bhrainse Logainmneacha i gcomhair sonraí, taifead cartlainne agus taighde logainmníochta. Ó seoladh an suíomh sa bhliain 2008, tá breis agus 2.4 milliún cuairteoir uathúil i ndiaidh cuairt a thabhairt air. Is féidir le mic léinn, múinteoirí, iriseoirí, aistritheoirí, taighdeoirí, an earnáil phoiblí agus eile teacht ar an leagan oifigiúil Gaeilge de logainm ach é a chuardach ar logainm.ie. Is acmhainn luachmhar é chomh maith dóibh siúd ar fud an domhain a chuireann suim in oidhreacht, cultúr agus geografaíocht na hÉireann. Tá an suíomh seo á fhorbairt ag an ngrúpa taighde Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha. Tá an tionscadal á mhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.

Déanann **An Brainse Logainmneacha** sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán taighde ar logainmneacha na hÉireann d'fhonn leaganacha cearta Gaeilge de na logainmneacha sin a chur ar fáil le húsáid go hoifigiúil agus go poiblí.

Is é **Fiontar & Scoil na Gaeilge** an t-aonad teagaisc agus taighde lán-Ghaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Is grúpa taighde é **Gaois** in Fiontar & Scoil na Gaeilge a chuireann acmhainní iontaofa nuálaíocha ar fáil chun teanga agus oidhreacht na Gaeilge a chothú.



logainm.ie



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

